Eolas Tábhachtach do Chustaiméirí

De bhun Alt 72(3) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 sa chás go bhfaightear go bhfuil teipthe ag méadar toirt an uisce arna sholáthar, nó an fhuíolluisce arna dhiúscairt, a thaifeadadh i gceart, ansin féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí meastachán a thabhairt i ndáil le húsáid ar bhonn sonraí stairiúla, agus féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí aon méid muirear ar léir atá gan íoc ar bhonn meastacháin dá leithéid a aisghabháil uaitse, an té lena sholáthraítear na seirbhísí uisce. Tá tusa, mar an té lenar soláthraíodh na seirbhísí uisce, faoi dhliteanas aon riaráistí in aon chor atá tabhaithe ar an áitreabh billeáilte a íoc ina n-iomláine.

Láthair an Mhéadair:

Tá do mhéadar lonnaithe lasmuigh ded' áitreabh faoi chlúdach cearnóige marc áilte **"WATER"**. Is féidir leat do mhéadar a aithint ach Uimhir an Mhéadair ar do bhille a chur i gcomparáid le hUimhir an Mhéadair ar an méadar lasmuigh.



Uimhir an Mhéadair

Sampla: 05LU000001

Sconna ag silleadh ar feadh míosa = 10,000 lítear

Do Mhéadar A Léamh

Uimhir an Mhéadair
Áiritheoir an Léimh
Tomhaiste i Méadair Chiúbacha (M^3). Digití Dubha i bhfoirm M^3.
1 M^3 = 1 Tonna
1 M^3 = 1000 lítear

(Ná tóg aon aird ar uimhreacha dearga)

Caomhnaigh Uisce agus Laghdaigh do Bhille

Tá go leor slite chun uisce a choigilt. Seo thíos roinnt leideanna agus smaointe i leith conas mar is féidir leatsa cabhrú chun uisce a chaomhnú.

1. Seiceáil do chuid pluiméireachta, lasmuigh ach go háirithe, cinntigh freisin go bhfuil na píboibreacha san áiléar inslithe.
2. Seiceáil le haghaidh sistéal ag sceitheadh agus sconnaí ag sileadh agus cinntigh go ndeisítear iad.
3. Cinntigh nach bhfágtar píobáin solúbtha ag rith gan ghá.
4. Ná fág na sconnaí ag rith agus do lámha á ní agat.
5. Le fearais choigilte uisce cosúil le leithris íseal-sruthlaithe agus déshruthlaithe agus sconnaí íseal toirte a shuiteáil cabhrófar chun an t-ídiú uisce agus na billí uisce a laghdú.
6. Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar do chuid ídithe uisce le léamh rialta an mhéadair toisc go bhféadfaí tú a chur ar an eolas i ndáil le sceitheadh ar do sholáthar nó cabhrú le hídiú a ísliú.
7. Coimeád buidéal uisce sa chuisneoir ionas go bhfuil sé fuaraithe le haghaidh óil. Seachnóidh sé seo an sconna a rith nuair atá uisce óil ag teastáil.

Monatóireacht ar do Mhéadar

Chun seiceáil le haghaidh sceite ar do sholáthar méadraithe, múch na fearais uile a úsáideann uisce. Seiceáil nach bhfuil snámhbhuacairí sna leithris, umair s.rl. ag sceitheadh. Múch gach sconna. **BA CHEART GO STOPFADH AN MÉADAR AG BOGADH.** Mura bhfuil stoptha ag an méadar d'fhéadfadh go bhfuil sceitheadh agat, nó d'fhéadfadh do sholáthar a bheith ag soláthar áitribh eile.

Ag Bogadh Gnó nó Dúnadh Síos

Má tá tú ag athlonnú nó ag tabhairt do ghnó chun críche ní mór duit dul i dteagmháil le Comhairle Cathrach Chorcaí i scríbhinn nó trí ghlaoch ar (021) 4924390 ag tabhairt fógra seacht lá leis an t-eolas seo a leanas:

- dáta athlonnaithe/tabhairt chun críche gnó
- léamh an mhéadair ar a dáta sin
- do chuid sonraí teagmhála nua
- ainm agus sonraí teagmhála an sealbhóra/úinéara nua

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh tusa féin faoi dliteanas don t-uisce ar fad a úsáidtear go dtí go soláthraítear an fógra thuas do Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Cuntais Thar Téarma

D'fhéadfaí an soláthar uisce a dhícheangal sa chás go bhfuil do chuntas dlite thar téarma. Tá míchaoithiúlacht le dícheangal seirbhíse agus is suntasach na táillí a bhíonn i gceist. (Táille Dícheangail Méadair suas le €2000 agus táille Athcheangail suas le €1000)

Sonraí Teagmhála

Má tá aon fhiosrúcháin teicniúla agat nach bhféadfá a réiteach tú féin, seol sonraí i scríbhinn le do thoil chuig:

Fiosrúchain na Méadar
Rannóg na Seirbhísí Uisce
Seomra 315
Halla na Cathrach,
Corcaigh nó Rphost:meterqueries@corkcity.ie